

Literary Tour 2019 (#2)

The Basket Memoirs: It's an Ill Wind . . .

Is olc an ghaoth nach séidfidh go maith do dhuine éigin, the Irish version of the "ill wind" proverb we have in English, applies very well to the lives of the Blasket Islanders. At times, it was only the misfortune of others that allowed the islanders to get by at all.

Shipwrecks were a major preoccupation, and source of support, on the Great Blasket. While there is little doubt the islanders felt sympathy for the sailors whose lives were lost at sea, there was a remarkably opportunistic and business-like attitude toward shipwrecks, which we see especially in the work of an t-oileánach, Ó Criomhthain. The islanders seemed to feel that the sea brought them sustenance from shattered ships, in the form of goods they could either use or sell, the same way it brought them other sorts of food and materials.

And life was simply too hard on the Great Blasket to be picky about where you found a little help.

For next time, we'll focus on Ó Criomhthain's first account of shipwrecks and the bounty they brought to the islands. Remember the timing of his life: this occurs early in the book, so the wrecks he is talking about might have happened, say, in the early to mid 1860's.

By the way, the oíle bhuí on the ship is some kind of palm oil.

An tOileánach: excerpt B

Ó Criomhthain was still quite young, perhaps 6-8 years old (a guess), when, during a very hard year on the island, the sea brought some of this good fortune. These are apparently the first incidents he remembers of people finding, gathering, and selling the goods from a shipwreck, but it is a pattern that was repeated over and over, and probably crucial to their wellbeing in many years.

Bliain ghátair a b'ea an bhliain a bhuaíl long na hoíle buí i gcladach sa taobh thuaidh den oileán. Deineadh mionrabh den long agus d'imigh an oíle ina lumpaí ar snámh ar fuaid na mara. Oíle dhaor a b'ea í, agus is suarach a bheadh ag duine bocht di nuair a bheadh fiacha leathphaca de mhin bhán aige. Ní raibh min bhuí ann.

Bhí garda cósta i nDún Chaoin an uair seo agus gnó dóibh ann, mar bhíodh longa á gcur i dtír go tiubh toisc gan cur amach a bheith ar aon ghléasanna eile chun a dtiomána ach seolta. Ar chlos do na fir ghorma (sin é an ainm a bhíodh orthu sa cheantar) go raibh an long bháite san oileán seo, agus fios cad a bhí inti, ní raibh codladh lae ná oíche orthu ach ag rith isteach gach am, mar bhí bád greanta acu féin gan amhras, go dea-fhearais, agus iad féin go dea-eolach. Chlipeadar sin an croí ag na hoileánaigh d'iarraidh na hailpeanna a chur i bpoill in áiteanna ná raibh sé i gcumas cait ná madra dul go dtí iad. Tar éis an tsaoil, mhair na daoine go maith an bhliain sin

san oileán, dá fheabhas a dhein na fir ghorma a ndícheall. Thugadar cuid mhór de trasna Bhá an Daingin agus dhíolador thall é gach oíche, cé gur thug na fir ghorma cion a gcíosa leo, leis, de.

Tháinig an bád isteach lá acu agus ní raibh inti ach ceathrar. Bhí bád an oileáin tagtha díreach rompu, agus sé ailp mhóra inti. Thóg na fir gharda isteach ina mbad féin gan mhoill iad, agus is iad a bhí go sásta. Bhi ógbhean ar an gcaladh agus stocán mór cloiche aici siar; chuaigh isteach go bád a hathar, agus níor bhraith na fir ghorma faic nó go raibh an stocán curtha síos tríd an mbad aici agus an fharraige mhór tríthi aníos. B'eo amach na fir ghorma; b'eo amach na hailpeanna den oíle bhuí ar snámh arís. Shabháil na mná aris iad.

Chaith ar an rí a mbád a tharraingt aníos agus paiste stáin a chur uirthi, agus nuair a fuaireadar deisithe í chuireadar a dhá láimh ar an dtigh abhaile. Is dóigh liom nach mór an turasóireacht a thugadar as sin amach faid a bhí na potaí ar siúl.

Tamall ina dhiaidh seo bhí fir sa chnoc agus chonacadar caora titthe síos i gcladach. Chuadar síos ag triall uirthi chun í a thabhairt leo, ach súilfhéachaint dár thug duine acu, chonaic sé bolta práis faoi chab lice. Bhog é agus bhain; bhí ceithre troithe ar faid ann. Bhí an cladach lán den sórtsan, idir phrás agus umha. Ní fheadair aoinne cad a shábháil an bheirt den sórt seo mianaigh, mar is sa chladach seo a briseadh an long, agus bhí cleitheacha móra istigh san áit fós di, lán de na boltaí luachmhara seo.

Drochbhlianta a b'ea iad, agus mura mbeadh an long seo a bhualadh ní bheadh duine beo ann, a deireadh na seandaoine. Chloisinnse go maith an chailleach bhéal dorais á rá go minic gurb é Dia a chuir i measc na mbochtán í. Mhaireadar go maith cúpla bliain dá deasca nuair a bhí an ceantar lasmuigh ag siollagar, agus gantar a ndóthain ag breith orthu.

Nuair a thugadh m'athair abhaile i bpaca leis ualach de no boltaí seo níorbh fhéidir liomsa ceann acu a chur ina sheasamh.